BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Chéad Dlísheomra Méadaithe)

15 Eanáir 2025 *

(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh maidir le gníomhaíochtaí na Rúise chun an staid san Úcráin a dhíchobhsú – Liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach – Ainm an iarratasóra a áireamh agus a choimeád ar na liostaí – An ceart chun éisteacht a fháil – An oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid mheasúnaithe – Comhréireacht – Saoirse chun gnó a sheoladh – Caingean le haghaidh neamhniú)

I gCás T-193/23,

MegaFon OAO, a bunaíodh i Moscó (an Rúis), arna ionadú ag V. Villante, D. Rovetta, M. Campa, M. Moretto, M. Pirovano agus B. Bonafini, abhcóidí,

iarratasóir,

v

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna hionadú ag E. Nadbath agus V. Piessevaux, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le tacaíocht ón

gCoimisiún Eorpach, arna ionadú ag M. Carpus Carcea, C. Georgieva agus L. Puccio, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Chéad Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta, le linn na bpléití, mar seo a leanas: R. Mastroianni, ag feidhmiú mar Uachtarán, M. Brkan, I. Gâlea (Rapóirtéir), T. Tóth agus S. L. Kaléda, Breithiúna,

Cláraitheoir: H. Eriksson, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 3 Iúil 2024,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína iarratas de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, MegaFon OAO go gcuirfí ar neamhní, ar an gcéad dul síos, Cinneadh (CBES) 2023/434 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2023, L 59 I, lch. 593) agus Rialachán (AE) 2023/427 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2023, L 59 I, lch. 6) (le chéile, 'na gníomhartha tosaigh'), ar an dara dul síos, Cinneadh (CBES) 2023/1517 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2023, L 184, lch. 40, 'gníomh mhí Iúil 2023') agus, ar an tríú dul síos, Cinneadh (CBES) 2024/422 ón gComhairle an 29 Eanáir 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/422, 'gníomh mhí Eanáir 2024'), a mhéid a n-áirítear agus a choimeádtar ainm an iarratasóra ar na liostaí a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014, L 229, lch. 13) agus le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO 2014, L 229, lch. 1) ('na liostaí atá faoi chonspóid') leis na gníomhartha sin go léir ('na gníomhartha atá faoi chonspóid').

I. Cúlra na díospóide

2 Is cuideachta comhstoic é an t-iarratasóir atá bunaithe i Moscó (an Rúis), atá ag oibriú in earnáil na teileachumarsáide mar oibreoir teileachumarsáide agus teileafóin shoghluaiste.

3 Tá an cás seo tagtha chun cinn i gcomhthéacs na mbeart sriantach arna ndéanamh i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, lena n-áirítear fogha míleata a thug Cónaidhm na Rúise ina coinne an 24 Feabhra 2022.

4 An 31 Iúil 2014, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin in ainneoin gur glacadh, i mí an Mhárta 2014, srianta taistil agus reodar sócmhainní i ndáil le daoine nádúrtha agus dlítheanacha áirithe, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, ar bhonn Airteagal 29 CAE, Cinneadh 2014/512, chun bearta sriantacha spriocdhírithe a thabhairt isteach i réimsí na rochtana ar mhargaí caipitil, na cosanta, earraí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí íogaire.

5 An dáta céanna, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, ghlac an Chomhairle Rialachán Uimh. 833/2014, ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe chun éifeacht a thabhairt, ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit araon, do cheanglais Chinneadh 2014/512.

6 Bhí sé mar aidhm shoiléir ag na bearta sriantacha sin costais ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise lena mbaintear bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú agus réiteach síochánta ar an ngéarchéim a chur chun cinn.

7 An 24 Feabhra 2022, thosaigh Cónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin.

8 Sa chomhthéacs sin agus ar bhonn Airteagal 29 CAE, ghlac an Chomhairle, an 25 Feabhra 2022, Cinneadh (CBES) 2022/327 (IO 2022, L 48, lch. 1), an 8 Aibreán 2022, Cinneadh (CBES) 2022/578 (IO 2022, L 111, lch. 70), agus, an 21 Iúil 2022, Cinneadh (CBES) 2022/1271 (IO 2022, L 193, lch. 196), lena leasaítear araon Cinneadh 2014/512 ('Cinneadh 2014/512, arna leasú'). Thairis sin, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, ghlac sí, an 25 Feabhra 2022, Rialachán (AE) 2022/328 (IO 2022, L 49, lch. 1), an 8 Aibreán 2022, Rialachán (AE) 2022/576 (IO 2022, L 111, lch. 1), agus, an 21 Iúil 2022, Rialachán (AE) 2022/1269 (IO 2022, L 193, lch. 1), lena leasaítear araon Rialachán Uimh. 833/2014 ('Rialachán Uimh. 833/2014, arna leasú').

9 Foráiltear le hAirteagal 3(1) agus (2) de Chinneadh 2014/512, arna leasú:

'1. Gach earra agus teicneolaíocht dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú earraí dé-úsáide a rialú, beidh toirmeasc ar náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó ó chríocha na mBallstát nó a bhfuil leas á bhaint acu as soithí nó as aerárthaigh faoina mbratach, beidh toirmeasc orthu na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

2. Beidh toirmeasc ar:

a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le míreanna 4 agus 5 den Airteagal sin don scéim údaraithe seo a leanas, a atáirgtear freisin ar an mbealach céanna le hAirteagal 3a(4) agus (5) de Chinneadh 2014/512, arna leasú:

'4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid

neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Bealarúise in ábhair ar ábhair shibhialtacha amháin iad;

(b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(d) sábháilteacht mhuirí;

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach bhfuil ar fáil go poiblí agus nach maoin iad de chuid eintitis atá faoi rialú poiblí nó faoi úinéireacht phoiblí os cionn 50%;

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin; nó

(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin.

[…]

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais lena mbaineann sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 3(7) de Chinneadh 2014/512, arna leasú:

‘Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe i gcomhréir le mír 4 agus mír 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint:

i) chun a chreidiúint go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 1(a) d’Airteagal 3b.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear le hAirteagal 3a(1) den Chinneadh sin mar seo a leanas:

‘1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt earnáil na cosanta agus na slándála, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Atáirgtear in Airteagal 3a(2) foclaíocht Airteagal 3(2) de Chinneadh 2014/512, arna leasú.

14 Atáirgtear in Airteagal 3a(7) foclaíocht Airteagal 3(7) de Chinneadh 2014/512, arna leasú.

15 Foráiltear le hAirteagal 3b(1) de Chinneadh 2014/512, arna leasú:

‘Maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, de mhaolú ar Airteagal 3 agus Airteagal 3a den Chinneadh seo agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt na hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide agus na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3a den Chinneadh seo a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh airgeadais gaolmhar nó cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, ach amháin tar éis dóibh a chinneadh:

a) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó

b) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh airgeadais gaolmhar nó an cúnamh teicniúil gaolmhar sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Le hAirteagal 2(1), (2), (4) agus (5) agus Airteagal 2a(1), (2), (4) agus (5) de Rialachán Uimh. 833/2014, arna leasú, atáirgtear, go bunúsach, foclaíocht Airteagal 3(1), (2), (4) agus (5) agus Airteagal 3a(1), (2), (4) agus (5) faoi seach de Chinneadh 2014/512, arna leasú. Ar an gcaoi chéanna, atáirgeann Airteagal 2(7), Airteagal 2a(7) agus Airteagal 2b de Rialachán Uimh. 833/2014, arna leasú, go bunúsach, ábhar Airteagal 3(7), Airteagal 3a(7) agus Airteagal 3b faoi seach de Chinneadh 2014/512, arna leasú.

17 An 25 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle na gníomhartha tosaigh agus áiríodh ainm an iarratasóra i bpointe 499 de na liostaí atá faoi chonspóid i ngach ceann de na gníomhartha sin.

18 De bhun aithris 10 de Chinneadh 2023/434, a fhoráilter freisin le haithris 4 de Rialachán 2023/427, ‘cuirtear 96 iontráil [leis na liostaí atá faoi chonspóid], eadhon le liosta[í] na n-eintiteas a thacaíonn go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, ar eintitis iad ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise’.

19 I litir dar dáta an 1 Márta 2023, d’iarr an t-iarratasóir ar an gComhairle an fhaisnéis agus an fhianaise a bhí mar bhonn le glacadh na mbeart sriantach a bhaineann leis a chur ar fáil dó. Ina theannta sin, chuir an t-iarratasóir in iúl gur fhorchoimeád sé an ceart barúlacha a chur isteach agus a iarraidh ar an gComhairle athmhachnamh a dhéanamh ar a chinneadh a ainm a áireamh ar na liostaí atá faoi chonspóid.

20 Ós rud é nár thug an Chomhairle freagra, i litir dar dáta an 17 Márta 2023, d’athdhearbhaigh an t-iarratasóir a iarraidh.

21 I litir dar dáta an 31 Márta 2023, chuir an Chomhairle in iúl nach raibh sé de cheangal uirthi fógra a thabhairt do na daoine agus do na heintitis ar na liostaí atá faoi chonspóid faoi na cúiseanna lena n-áireamh ar na liostaí sin agus go raibh an fhaisnéis go léir lena dtugtar údar le hainm an iarratasóra a áireamh ar na liostaí sin in Airteagail 3 agus 3b de Chinneadh 2014/512, arna leasú, in Airteagail 2, 2a agus 2b de Rialachán Uimh. 833/2014, arna leasú, agus in aithris 10 de Chinneadh 2023/434 agus in aithris 4 de Rialachán 2023/427.

II. Fíricí tar éis tionscnamh na caingne

22 De bhun Cinneadh (CBES) 2023/1217 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512 (IO 2023, L 159 I, lch. 451) agus Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Uimh. 833/2014 (IO 2023, L 159 I, lch. 1), leasaíodh na liostaí atá faoi chonspóid, go háirithe tríd an téacs réamhráiteach seo a leanas a chur leo:

‘Liostaítear san Iarscríbhinn seo daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí ar úsáideoirí deiridh míleata iad, ar cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise iad nó a bhfuil naisc tráchtála nó naisc eile acu le hearnáil cosanta agus slándála na Rúise nó a thacaíonn leo ar bhealach eile. Rannchuidíonn na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí seo le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Áirítear orthu sin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí i dtríú tíortha diomaite den Rúis. Ní hionann iad a áireamh san Iarscríbhinn seo agus freagracht as a gcuid gníomhaíochtaí a leagan ar an dlínse ina mbíonn siad ag oibriú.’

23 An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle gníomh mhí Iúil 2023.

24 An 24 Iúil 2023, sheol an Chomhairle litir chuig an iarratasóir inar cuireadh in iúl dó gur cuireadh síneadh leis na bearta sriantacha atá i gceist ina choinne.

25 An 30 Samhain 2023, sheol an t-iarratasóir litir chuig an gComhairle, inar iarradh uirthi athmhachnamh a dhéanamh ar a cinneadh síneadh a chur leis na bearta sin agus rochtain a fháil ar na doiciméid ábhartha go léir.

26 An 29 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle gníomh mhí Eanáir 2024, lena raibh ainm an iarratasóra fós le feiceáil ar na liostaí atá faoi chonspóid.

27 An 30 Eanáir 2024, thug an Chomhairle freagra ar litir an iarratasóra an 30 Samhain 2023.

III. Na horduithe atá á lorg ag na páirtithe

28 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a n-áirítear agus a choimeádtar ainm an iarratasóra ar na liostaí atá faoi chonspóid leo;

– a ordú don Chomhairle costais na n-imeachtaí a íoc agus don Choimisiún Eorpach costais a idiragartha a íoc.

29 Iarrann an Chomhairle, agus an Coimisiún ag tacú léi, ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– mar mhalairt air sin, i gcás go gcuirfear na gníomhartha atá faoi chonspóid ar neamhní, a ordú go seasfadh éifeachtaí ama na ngníomhartha go dtí go dtéann an tréimhse chun achomharc a thionscnamh in éag, dá bhforáiltear in Airteagal 56(1) de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó, má dhéantar achomharc a thionscnamh, go dtí dáta aon diúltaithe don achomharc sin;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

IV. An dlí lena mbaineann

A. Inghlacthacht na fianaise breise arna gcur isteach ag an iarratasóir

30 I litir dar dáta an 19 Meitheamh 2024, thíolaic an t-iarratasóir fianaise bhreise, de bhun Airteagal 85(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta. Déanann an Chomhairle agus an Coimisiún inghlacthacht na fianaise sin a dhíospóid.

31 Ba cheart a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 85(3) de na Rialacha Nós Imeachta go bhféadfaidh na príomhpháirtithe tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird nó a thairiscint go heisceachtúil tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta nó sula ndéanfaidh an Chúirt Ghinearálta cinneadh breith a thabhairt gan cuid ó bhéal den nós imeachta ar choinníoll go bhfuil údar leis an moill sin agus an fhianaise sin á tíolacadh.

32 Sa chás seo, ní mór a mheas nár thug an t-iarratasóir aon fhianaise ar aird a d'fhéadfadh údar a thabhairt le tíolacadh déanach na fianaise breise atá i gceist, i bhfoirm doiciméad.

33 Mar a thugann an Chomhairle faoi deara, le tacaíocht ón gCoimisiún, foilsíodh nó eisíodh na doiciméid sin go léir, cé is moite dóibh siúd in Iarscríbhinní AE.9 agus AE.11, fiú sular taisceadh an t-iarratas. A mhéid a bhaineann leis an doiciméad in Iarscríbhinn AE.9, is ceadúnas é seo a eisíodh don iarratasóir an 9 Samhain 2023. Ar an gcaoi chéanna, is litir dar dáta an 27 Deireadh Fómhair 2023 é an doiciméad in Iarscríbhinn AE.11 a seoladh chuig an iarratasóir arna iarraidh. Dá bhrí sin, ní mór don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na doiciméid sin a luaithe a eisíodh iad agus d'fhéadfadh sé iad a chur ar fáil, ar a dhéanaí, mar iarscríbhinn a ghabhann lena dhara ráiteas modhnaithe.

34 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nár thug an t-iarratasóir údar, de réir bhrí Airteagal 85(3) de na Rialacha Nós Imeachta, le tíolacadh déanach na fianaise breise a tíolacadh an 19 Meitheamh 2024. Dá bhrí sin, níl an fhianaise sin inghlactha agus ní chuirfidh an Chúirt Ghinearálta san áireamh í agus an chaingean seo á scrúdú.

B. Substaint an cháis

35 Ardaíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, ar an dara dul síos, sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, ar an tríú dul síos, earráid mheasúnaithe agus, ar an gceathrú dul síos, sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

36 Measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí scrúdú a dhéanamh ar an dara saincheist dlí ar dtús, agus ansin ar an gcéad saincheist dlí, ar an tríú saincheist dlí agus ar an gceathrú saincheist dlí.

1. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua

37 Áitíonn an t-iarratasóir nár chuir an Chomhairle aon chúiseanna aonair chun cinn chun údar a thabhairt lena ainm a áireamh ar na liostaí atá faoi chonspóid, agus nár chuir sí in iúl dó na cúiseanna sonracha a thug uirthi teacht ar an gconclúid gur eintiteas é a bhí ag tacú go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, agus mar thoradh air sin nárbh fhéidir leis an iarratasóir a fháil amach cén fáth ar cuireadh a ainm ar na liostaí sin.

38 Dar leis an iarratasóir, le léamh comhcheangailte ar aithris 10 de Chinneadh 2023/434, Airteagal 3(7), Airteagal 3a(7) agus Airteagal 3b de Chinneadh 2014/512, arna leasú, dá ndearna an Chomhairle tagairt ina pléadálacha i scríbhinn, ní chuirtear ar a cumas na cúiseanna ar cuireadh a ainm ar na liostaí atá faoi chonspóid a thuiscint. Níl aon rud ann lena léiriú ar liostaíodh a ainm ar an bhforas go soláthródh sé earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide nó earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh cur le neartú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt earnáil na cosanta agus na slándála.

39 Sonraíonn an t-iarratasóir freisin nach ionann an cás seo agus na cásanna ba chúis leis an gcásdlí a luaigh an Chomhairle.

40 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún, i gcoinne na hargóinte sin.

41 Faoin dara mír d'Airteagal 296 CFAE, '[s]onrófar sna gníomhartha dlí na réasúin is bun leo'. Thairis sin, faoi Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), áirítear leis an gceart chun dea-riaracháin, *inter alia*, 'an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí.'.

42 Ba cheart a mheabhrú gurb é is cuspóir don oibleagáid na cúiseanna a lua ar a bhfuil gníomh a dhéanann dochar do dhuine bunaithe, atá mar atoradh ar an bprionsabal go n-urramaítear cearta na cosanta, ar an gcéad dul síos, faisnéis leordhóthanach a thabhairt don duine lena mbaineann chun go mbeifear in ann a fháil amach an bhfuil bunús maith leis an ngníomh nó an bhfuil sé curtha ó bhail mar gheall ar earráid, a d'fhéadfadh a cheadú a bhailíocht a chonspóid os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus, ar an dara dul síos, chun é a chur ar chumas na gCúirteanna sin athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an ghnímh sin (féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 102 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 De réir cásdlí socair, ní mór an ráiteas ar chúiseanna a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE agus le hAirteagal 41(2)(c) den Chairt a bheith iomchuí don ghníomh atá faoi chonspóid agus don chomhthéacs inar glacadh é. Ní mór don ráiteas sin an réasúnaíocht a lean an institiúid a ghlac an beart a chur in iúl ar bhealach soiléir agus aonchiallach, ar bhealach a chuirfidh ar chumas an duine lena mbaineann na cúiseanna atá leis an mbeart atá i gceist agus a chuirfidh ar chumas na cúirte inniúla a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú. Ní mór an oibleagáid cúiseanna a lua a mheas i bhfianaise imthosca gach cáis (féach breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *DenizBank* v *an Chomhairle*, T-798/14, EU:T:2018:546, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ní gá don ráiteas ar chúiseanna na fíorais agus na pointí dlí ábhartha go léir a phlé, ós rud é nach mór measúnú a dhéanamh ar an gceist an bhfuil an ráiteas ar chúiseanna leordhóthanach ní hamháin maidir lena fhoclaíocht ach maidir lena chomhthéacs agus leis na rialacha dlíthiúla uile lena rialaítear an t-ábhar atá i gceist freisin. Go háirithe, ar an gcéad dul síos, is leor na cúiseanna a tugadh le ghníomh a dhéanfadh dochar do dhuine más rud é gur glacadh an ghníomh sin in imthosca a raibh an duine sin ar an eolas fúthu agus a chuireann ar a chumas raon feidhme an ghnímh a bhaineann leis a thuiscint. Ar an dara dul síos, ní mór leibhéal beachtais an ráitis ar chúiseanna le ghníomh a mheas i bhfianaise fírinní praiticiúla agus an t-am agus na saoráidí teicniúla atá ar fáil lena ghlacadh (féach breithiúnais an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, míreanna 103 agus 104 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 20 Meán Fómhair 2023, *Mordashov* v *an Chomhairle*, T-248/22, nár foilsíodh, EU:T:2023:573, míreanna 46 agus 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás seo, gurb ionann forálacha ábhartha na ngníomhartha atá faoi chonspóid, i leith an iarratasóra, agus bearta sriantacha a bhfuil raon feidhme aonair acu (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Almaz-Antey* v *an Chomhairle*, T-515/15, nár foilsíodh, EU:T:2018:545, mír 86).

46 Sonraíodh sa chásdlí nach mór don ráiteas ar chúiseanna atá le gníomh ón gComhairle lena bhforchuirtear beart sriantach ní hamháin an bunús dlí leis an ngníomh sin a shainaithint, ach freisin na cúiseanna iarbhír agus sonracha a mheas an Chomhairle, i bhfeidhmiú a lánrogha, gur

ghá don duine lena mbaineann a bheith faoi réir gnímh den sórt sin (breithiúnas an 3 Iúil 2014, *National Iranian Tanker Company* v *an Chomhairle*, T-565/12, EU:T:2014:608, mír 38; féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 25 Eanáir 2017, *Almaz-Antey Air and Space Defence* v *an Chomhairle*, T-255/15, nár foilsíodh, EU:T:2017:25, mír 55).

47 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú go bhfuil na bearta sriantacha go léir atá i gceist mar chuid den chomhthéacs, a bhfuil an t-iarratasóir ar an eolas faoi, maidir le teannas idirnáisiúnta a bhí ann sular glacadh forálacha ábhartha Chinneadh 2014/512, dá dtagraítear i míreanna 9 go 16 den bhreithiúnas seo. Is léir ó aithrisí 1 go 8 de Chinneadh 2014/512 go raibh sé mar aidhm shoiléir ag na bearta sin costais ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise lena mbaintear bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú agus réiteach síochánta ar an ngéarchéim a chur chun cinn. Dá bhrí sin, léirítear i gCinneadh 2014/512 an staid fhoriomlán as ar eascair a ghlacadh agus na cuspóirí ginearálta a bhfuil sé mar aidhm aige a bhaint amach. (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 123).

48 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 3(1) agus (2) agus le hAirteagal 3a(1) agus (2) de Chinneadh 2014/512, arna leasú, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna forálacha sin, do thoirmeasc earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus do thoirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar agus do thoirmeasc ar mhaoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear d'aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Rúis. Thairis sin, faoi Airteagal 3(7) agus Airteagal 3a(7) den chinneadh sin, ní dheonófar aon údarú de mhaolú ar na toirmisc a luaitear, go bunúsach, i gcás ina bhféadfadh an t-úsáideoir deiridh a bheith ina dhuine míleata nó nádúrtha nó dlítheanach, ina eintiteas nó ina chomhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn IV nó ina bhféadfadh sé a bheith beartaithe na hearraí atá i gceist a úsáid le haghaidh úsáid deiridh mhíleata.

49 I ndáil leis sin, is léir ó aithris 12 de Chinneadh 2022/327, lenar leasaíodh Airteagail 3 agus 3a de Chinneadh 2014/512, gur mheas an Chomhairle, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin, gurbh iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha Chónaidhm na Rúise. Sa chomhthéacs sin, mheas an Chomhairle gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le srianta breise ar onnmhairiú, ar sholáthar nó ar aistriú earraí dé-úsáide agus earraí agus teicneolaíochta áirithe a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise.

50 Thairis sin, is léir ó aithris 5 de Chinneadh (CBES) 2022/430 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512 (IO 2022, L 87 I, lch. 56), i bhfianaise na staide a bhí ag dul in olcas san Úcráin, gur mheas an Chomhairle gur ghá na srianta onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide agus ar earraí dá dtagraítear in Airteagal 3a de Chinneadh 2014/512, arna leasú, a neartú.

51 Thairis sin, mar a tugadh faoi deara i mír 18 thuas, is léir ó aithris 10 de Chinneadh 2023/434 agus ó aithris 4 de Rialachán 2023/427 gur cuireadh 96 thagairt, lena n-áirítear tagairtí an iarratasóra, leis na liostaí atá i gceist mar eintitis a thacaíonn go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch Chónaidhm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.

52 Maidir le gníomhartha mhí Iúil 2023 agus mhí Eanáir 2024 (le chéile, 'na gníomhartha coimeádta'), treisítear an dearbhú sin le foclaíocht théacs réamhráiteach Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512 agus Rialachán Uimh. 833/2014, arna leasú le Cinneadh 2023/1217 agus le Rialachán 2023/1214 faoi seach, a luaitear i mír 22 thuas.

53 Ní mór a mheas go gcomhfhreagraíonn na cúiseanna iarbhír agus sonracha a mheas an Chomhairle, agus a rogha á feidhmiú aici, go raibh ar an iarratasóir a bheith faoi réir na mbeart atá i gceist, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 46 thuas, sa chás seo do na critéir a leagtar amach sna forálacha ábhartha agus sna haithrisí a bhaineann leis na gníomhartha atá faoi chonspóid.

54 Dá bhrí sin, cuireadh ainm an iarratasóra san áireamh sna liostaí atá i gceist ar an bhforas gur chomhlíon sé na coinníollacha sonracha agus nithiúla a leagtar síos sna forálacha ábhartha agus in aithrisí na ngníomhartha atá faoi chonspóid, eadhon a mheas gur eintiteas é a thacaíonn go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.

55 I ndáil leis sin, ní mór a shoiléiriú, cé go n-úsáidtear na breithnithe céanna chun bearta sriantacha a ghlacadh a bhaineann le roinnt daoine, nach gcuirtear bac ar na breithnithe sin a bheith ina gcúis le ráiteas ar chúiseanna atá sonrach go leor do gach duine lena mbaineann (féach breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Vnesheconombank* v *an Chomhairle*, T-737/14, nár foilsíodh, EU:T:2018:543, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Mar a mheabhraítear i míreanna 18 agus 51 den bhreithiúnas seo, is léir ó aithris 10 de Chinneadh 2023/434 agus ó aithris 4 de Rialachán 2023/427 gur cuireadh 96 iontráil leis na liostaí atá i gceist. Sonraítear in aithris 10 go n-áirítear leis na liostaí sin ‘eintitis a thacaíonn go díreach le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, ar eintitis iad ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise’. Déantar foráil maidir leis na srianta sin in Airteagal 3(7) agus in Airteagal 3a(7) den Chinneadh sin.

57 I bhfianaise an chomhthéacs pholaitiúil a bhí ann tráth a glacadh na bearta sriantacha atá i gceist agus a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar eintitis a thacaíonn go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch Chónaidhm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine earraí dé-úsáide nó earraí dá dtagraítear in Airteagal 3a de Chinneadh 2014/512, arna leasú, a cheannach i bhfianaise chuspóir na mbeart sin, arb é atá ann costas ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise chun an bonn a bhaint d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú agus réiteach síochánta ar an ngéarchéim a chur chun cinn, is féidir cinneadh na Comhairle bearta den sórt sin a ghlacadh i gcoinne eintitis a bhaineann leis an earnáil teileachumarsáide a thuiscint go héasca i bhfianaise chuspóir sonraithe na mbeart sin (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Almaz-Antey* v *an Chomhairle*, T-515/15, nár foilsíodh, EU:T:2018:545, mír 96 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Dá bhrí sin, agus i gcomhthéacs bhunú na srianta breise dá bhforáiltear in Airteagal 3(7) agus in Airteagal 3a(7) de Chinneadh 2014/512, arna leasú, bhí sé ar chumas an iarratasóra a thuiscint gur cuireadh ar na liostaí atá i gceist é toisc gur measadh gur eintiteas é a thacaigh go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, ós rud é go raibh sé ar cheann de na príomhoibreoirí móibíleacha agus teileachumarsáide sa Rúis agus sa chomhthéacs polaitiúil tráth a glacadh na gníomhartha atá faoi chonspóid.

59 I ndáil leis sin, mar a áitíonn an Chomhairle ina bharúlacha i scríbhinn, forchuireadh srianta ar an iarratasóir maidir le hearraí dé-úsáide agus earraí agus teicneolaíocht áirithe a d’fhéadfadh cur le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise, chun cosc a chur uirthi na hearraí sin

a fháil agus, trína n-úsáid, chun cabhrú le fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, trí sheirbhísí teileachumarsáide a sholáthar d'arm na Rúise nó trí sheirbhísí teileachumarsáide a thairiscint do chustaiméirí sibhialta i limistéir na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag Cónaidhm na Rúise.

60 Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí an chúis lena dtugtar údar le síneadh a chur leis na bearta sin, trí na gníomhartha coimeádta, a thuiscint go héasca i bhfianaise aithrisí 2 agus 3 de na gníomhartha sin agus i bhfianaise théacs tosaigh Iarscríbhinn IV, ina gcáintear arís cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ós rud é go leantar de na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, ba cheart na bearta a fhorchuirtear a choinneáil ar bun agus bearta breise a ghlacadh.

61 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a mheas nár sháraigh an Chomhairle an oibleagáid cúiseanna a lua agus, dá bhrí sin, ní mór an dara saincheist dlí a dhíbhe.

2. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus ar an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

(a) Inghlacthacht

62 Gan pléadáil do-ghlacthachta a ardú go sainráite, áitíonn an Chomhairle go bhfuil an chéad saincheist dlí neamhstruchtúrtha agus go bhféadfaí a mheas nach gcomhlíonann sí ceanglais Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta.

63 Ba cheart a thabhairt faoi deara ón dtús, faoi Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta, nach mór ábhar na díospóide, na saincheisteanna dlí agus na hargóintí ar a bhfuiltear ag brath chomh maith le hachoimre ar na saincheisteanna dlí sin a shonrú in iarratas agus nach mór don ráiteas sin a bheith soiléir agus beacht go leor ionas go mbeidh an cosantóir in ann a chosaint a ullmhú agus ionas go mbeidh an Chúirt in ann a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú, más iomchuí, gan aon fhaisnéis tacaíochta eile (breithiúnas an 7 Márta 2017, *United Parcel Service* v *an Coimisiún*, T-194/13, EU:T:2017:144, mír 191).

64 Ní mór a mheabhrú freisin, ionas go mbeidh caingean os comhair na Cúirte Ginearálta inghlactha, gur gá, *inter alia*, na bunsonraí dlíthiúla agus fíorasacha ar a bhfuiltear ag brath a léiriú go comhleanúnach agus go hintuigthe san iarratas féin, i bhfoirm achomair ar a laghad (breithiúnas an 7 Márta 2017, *United Parcel Service* v *an Coimisiún*, Cás T-194/13, EU:T:2017:144, mír 192).

65 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na hábhair fíorais agus dlí ar a bhfuil argóintí an iarratasóra bunaithe intuigthe nuair a léitear an t-iarratas. Leagtar amach san iarratas na pointí dlí ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath agus na heilimintí fíorasacha ar a bhfuil sé ag brath, cé go bhfuil sé déanta ar bhealach gonta ach leordhóthanach, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an bhfíoras nár cuireadh ar an eolas riamh é nó nár tugadh éisteacht dó maidir lena ainm a chur ar na liostaí atá i gceist. Ar an gcaoi chéanna, bhí an Chomhairle in ann, ina barúlacha i scríbhinn, freagra a thabhairt ar an argóint sin. Bhí an Chúirt Ghinearálta in ann argóintí an iarratasóra a shainaithint freisin. Dá bhrí sin, tá an chéad saincheist dlí inghlactha.

(b) Substaint an cháis

66 Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Chomhairle an oibleagáid fógra a thabhairt agus a ceart chun éisteacht a fháil. Cuireann sé in iúl nár cuireadh é ar an eolas go raibh a ainm ar na liostaí atá i gceist agus nár foilsíodh fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ná nár chuir an Chomhairle na gníomhartha atá faoi chonspóid in iúl go leithleach.

67 Go háirithe, áitíonn an t-iarratasóir nár thug an Chomhairle deis dó barúlacha a thíolacadh agus go bhfuil nochtadh na fianaise chun tacú lena chur ar na liostaí atá i gceist, a rinneadh tríd an gcosaint amháin, neamhdhleathach.

68 Sna ráitis modhnaithe, tugann an t-iarratasóir faoi deara freisin, agus na gníomhartha coimeádta á nglacadh ag an gComhairle, nár thug sí deis dó a barúlacha a thíolacadh maidir le hathnuachan na mbeart sriantach ina coinne agus nach mór a dhearbhú go bhfuil an fhianaise do-ghlactha maidir le cinneadh a dhéanamh an bhfuil bunús maith leis na gníomhartha atá faoi chonspóid. Mar mhalairt air sin, cuireann an t-iarratasóir in iúl, sa chéad ráiteas modhnaithe, dá measfadh an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé d'oibleagáid ar an gComhairle a chur in iúl dó, roimh ghlacadh ghníomh mhí Iúil 2023, go raibh sé ar intinn aici a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist agus an fhianaise ar a bhfuil an beart sin bunaithe a sheoladh chuige, go n-ardaíonn sé pléadáil neamhdhleathachta i ndáil le Cinneadh 2014/512 agus Rialachán Uimh. 833/2014, de bhun Airteagal 277 CFAE.

69 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún, i gcoinne na hargóinte sin.

70 Ba cheart a mheabhrú, maidir leis an gceart chun éisteacht a fháil i ngach imeacht, dá bhforáiltear in Airteagal 41(2)(a) den Chairt, ar cuid dhílis den urraim do chearta chun cosanta é, go ráthaítear do gach duine an deis a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach le linn nós imeachta riaracháin agus sula nglactar cinneadh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá leasanna (féach, breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 I gcomhthéacs nós imeachta a bhaineann le glacadh an chinnidh ainm duine a chur ar liosta san iarscríbhinn a ghabhann le gníomh lena bhforchuirtear bearta sriantacha, ceanglaítear leis an urraim do chearta chun cosanta go gcuirfidh an t-údarás inniúil de chuid an Aontais in iúl don duine lena mbaineann na forais agus an fhianaise ar a bhfuiltear ag brath ina choinne agus a bheidh mar bhunús leis an gcinneadh a ghlacfaidh an t-údarás sin. Nuair a dhéantar an chumarsáid sin, ní mór don údarás inniúil de chuid an Aontais a chur ar chumas an duine sin a thuairimí ar na cúiseanna ar a bhfuiltear ag brath ina choinne a chur in iúl go héifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, míreanna 111 agus 112).

72 Mar sin féin, ceadaítear le hAirteagal 52(1) den Chairt srianta ar fheidhmiú na gceart a chumhdaítear sa Chairt, ar choinníoll go n-urramaítear leis an srian lena mbaineann croílár an chirt bhunúsaigh atá i gceist agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, go bhfuil sé riachtanach agus go gcomhlíonann sé i ndáiríre cuspóirí leasa ginearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt roinnt uaireanta go bhféadfadh cearta na cosanta a bheith faoi réir teorainneacha nó maoluithe, go háirithe i réimse na mbeart sriantach arna nglacadh i gcomhthéacs an chomhbheartais eachtraigh agus slándála. (féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

73 Thairis sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gceist an ndearnadh sárú ar chearta chun cosanta i bhfianaise imthosca sonracha gach cáis, go háirithe cineál an bhirt atá i gceist, an comhthéacs inar glacadh é agus na rialacha dlíthiúla lena rialaítear an t-ábhar atá i gceist (féach breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 102 agus an cásdlí dá dtagraítear).

74 Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú go ndéanann Cúirteanna an Aontais Eorpaigh idirdhealú, ar thaobh amháin, idir ainm duine a chur ar na liostaí atá i gceist den chéad uair agus, ar an taobh eile, ainm an duine sin a choinneáil ar na liostaí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Aibreán 2015, *Al-Chihabi* v *an Chomhairle*, T-593/11, EU:T:2015:249, mír 40).

75 Is i bhfianaise phrionsabail an chásdlí sin go léir nach mór anailís a dhéanamh ar an tsaincheist dlí seo.

(1) Na gníomhartha tosaigh

76 Ar an gcéad dul síos, maidir le hargóint an iarratasóra gur cheart don Chomhairle fógra a thabhairt di ar bhonn aonair faoi na gníomhartha atá faoi chonspóid, i gcás ina bhforáiltear do bhearta sriantacha ina choinne, ba cheart a thabhairt faoi deara, in ainneoin nach ndéantar iad a chur in iúl ar bhonn aonair, cé go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh don tráth a thosaíonn an tréimhse chun imeachtaí a thionscnamh, nach dtugann sé sin, ann féin, údar maith le neamhniú na ngníomhartha atá faoi chonspóid. I ndáil leis sin, ní chuireann an t-iarratasóir aon argóint ar aghaidh chun a léiriú, sa chás seo, gurb é an toradh a bhí ar an easpa fógra aonair faoi na gníomhartha sin ná go ndearnadh sárú ar a chearta a thabharfadh údar lena neamhniú a mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

77 Ar an dara dul síos, ní mór a mheabhrú, maidir le hurraim don cheart chun éisteacht a fháil, gur léir ón gcásdlí, i gcás an chinnidh tosaigh chun duine nó eintiteas a chur ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil a gcistí le reo, nach bhfuil sé de cheangal ar an gComhairle na forais ar a bhfuil sé beartaithe aici an liostú sin a bhunú a chur in iúl roimh ré don duine nó don eintiteas lena mbaineann. Ionas nach gcuirfear a éifeachtúlacht i mbaol, ní mór do bheart den sórt sin, de bharr a chineáil féin, a bheith in ann tairbhe a bhaint as éifeacht gan choinne agus ní mór é a chur i bhfeidhm láithreach. Arna iarraidh sin don Chomhairle, tá sé de cheart ag an duine nó ag an eintiteas lena mbaineann a thuairimí ar na gnéithe sin a chur in iúl a luaithe a ghlacfar an gníomh (féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

78 Tá údar maith le maolú den sórt sin ón gceart bunúsach chun éisteacht a fháil le linn nós imeachta sula nglacfar bearta sriantacha mar gheall ar an ngá atá le héifeachtacht na mbeart reoite cistí a áirithiú agus, i ndeireadh na dála, mar gheall ar bhreithnithe sáraitheacha a bhaineann le slándáil nó stiúradh chaidreamh idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát (féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

79 Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú nach dtugtar an ceart chun éisteacht fhoirmiúil do na daoine lena mbaineann le forálacha ábhartha na ngníomhartha lena mbunaítear bearta sriantacha ná leis an bprionsabal ginearálta maidir le cearta na cosanta a urramú, ós rud é gur

leor an deis barúlacha a chur isteach i scríbhinn (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 12 Feabhra 2020, *Amisi Kumba* v *an Chomhairle*, T-163/18, EU:T:2020:57, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80 Sa chás seo, mar a chuir an Chomhairle in iúl ina pléadálacha i scríbhinn agus ag an éisteacht, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh ar na gníomhartha tosaigh tairbhe a bhaint as éifeacht gan choinne chun a n-éifeachtacht a áirithiú agus chun cosc a chur ar an iarratasóir, *inter alia*, údaruithe onnmhairiúcháin a fháil le haghaidh na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 3a de Chinneadh 2014/512, arna leasú, nó chun conarthaí a thabhairt i gcrích as a n-eascraíonn cur i bhfeidhm ceann de na heisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 3b(1) den Chinneadh sin. Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh ar an gComhairle éisteacht leis an iarratasóir roimh a liostú tosaigh, de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 79 den bhreithiúnas seo, agus mar thoradh air sin ní dhearnadh aon sárú ar a cheart chun éisteacht a fháil ina leith sin.

81 Ar an tríú dul síos, maidir le mainneachtain na Comhairle na cúiseanna lena dtugtar údar do bhearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne an iarratasóra a chur in iúl sular glacadh na bearta sriantacha atá i gceist, is léir ón gcásdlí a luaitear i mír 77 den bhreithiúnas seo, ar iarratas ón iarratasóir, a mhéid arb ionann na srianta a fhorchuirtear air faoi fhorálacha ábhartha na ngníomhartha tosaigh agus bearta sriantacha a bhfuil raon feidhme aonair acu ina choinne, go raibh sé de cheangal ar an gComhairle na cúiseanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart sin a chur in iúl don iarratasóir díreach tar éis na gníomhartha sin a ghlacadh.

82 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go gceanglaítear leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach, a dhearbhaítear in Airteagal 47 den Chairt, nach mór don duine lena mbaineann a bheith in ann na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh a rinneadh ina choinne bunaithe a fháil amach, tríd an gcinneadh féin a léamh nó trí na forais sin a chur in iúl ar iarratas uaidh, gan dochar do chumhacht na cúirte a bhfuil dlínse aici a cheangal ar an údarás atá i gceist iad a chur in iúl, ionas go gcuirfí ar a chumas a chearta a chosaint sna dálaí is fearr agus is féidir agus chun cinneadh a dhéanamh, agus láneolas aige ar na fíorais, an bhfuil sé úsáideach an t-ábhar a thabhairt os comhair na cúirte a bhfuil dlínse aici, agus ionas go gcuirfí ar a chumas athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá i gceist (féach breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 100 agus an cásdlí dá dtagraítear).

83 Sa chás seo, is léir ón gcomhad, tar éis litreacha an iarratasóra an 1 agus an 17 Márta 2023, gur fhreagair an Chomhairle, i litir an 31 Márta 2023, go leagtar amach an fhaisnéis go léir lena dtugtar údar lena ainm a áireamh ar na liostaí atá i gceist in aithris 10 de Chinneadh 2023/434 agus in Airteagail 3 agus 3b de Chinneadh 2014/512, arna leasú, agus in aithris 4 agus in Airteagail 2, 2a agus 2b de Rialachán Uimh. 833/2014, arna leasú.

84 Dá bhrí sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é atá, go bunúsach, san fhoras ar a bhfuil an Chomhairle ag brath chun na bearta sriantacha a fhorchur ar an iarratasóir, a leagtar amach i bhforálacha ábhartha na ngníomhartha tosaigh féin, ná gur eintiteas é an t-iarratasóir a thacaíonn go díreach le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise.

85 Dá bhrí sin, mar is léir ó mhír 58 den bhreithiúnas seo, bhí sé ar chumas an iarratasóra na cúiseanna ar cuireadh a ainm ar na liostaí atá i gceist a thuiscint, rud a chuir ar a chumas a chearta a chosaint sna coinníollacha is fearr agus is féidir agus cinneadh a dhéanamh, agus láneolas aige ar na fíorais, an raibh aon phointe ann an t-ábhar a thabhairt os comhair na cúirte a bhfuil dlínse aici, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 82 den bhreithiúnas seo.

(2) Gníomhartha coimeádta

